

Fiosrúchán maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i leith leanaí a úsáideann an tseirbhís líonraithe shóisialta Instagram

(Tagairt Fiosrúcháin an DPC.: IN-20-7-4)

Dáta an Chinnidh: 02 Meán Fómhair 2022

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) tús leis an bhfiosrúchán féintoilthe seo an 21 Meán Fómhair 2020, fiosrúchán a bhí bunaithe ar fhaisnéis a chuir tríú páirtí ar fáil agus i dtaobh próiseáil a d'aithin an DPC iad féin araon. Bhí dhá chineál próiseála a rinne Meta Platforms Ireland Limited i gceist le scóip an fhiosrúcháin (mar an rialaitheoir sonraí ar na sonraí pearsanta atá próiseáilte i gcomhthéacs an ardáin Instagram), mar seo a leanas

1. Thug Meta Platforms Ireland Limited cead d'úsáideoirí leanaí idir 13 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois "cuntais ghnó" ar an ardán Instagram a fheidhmiú. Ag amanna ar leith, chun cuntais mar sin a fheidhmiú, ní mór uimhir ghutháin agus/nó seoladh ríomhphoist an úsáideora leanaí (don domhan i gcoitinne) a fhoilsiú agus/nó socraíodh sin a dhéanamh.
2. Ag amanna ar leith, bhí córas clárúcháin an úsáideora i bhfeidhm ag Meta Platforms Ireland Limited don tseirbhís Instagram ina raibh cuntais na n-úsáideoirí leanaí socraithe mar chuntas "poiblí" ar bhonn réamhshocraithe, agus ar an gcaoi sin bhí ábhar meán sóisialta na n-úsáideoirí leanaí ar fáil don phobal, mura raibh an cuntas socraithe mar chuntas "príobháideach" trí shocruithe príobháideacha an chuntais a athrú.

I ndiaidh fiosrúchán fada cuimsitheach a dhéanamh, chuir an DPC dréacht-chinneadh isteach chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha (**UMAnna**) uile, chun críche Airteagal 60(3) den GDPR, i Nollaig na bliana 2021. Fuair an DPC agóidí ina dhiaidh sin ó shé cinn de na UMAnna. Níor éirigh leis an DPC teacht ar chomhaontú leis na UMAnna maidir le hábhar na n-agóidí agus, sna cúinsí sin chinn an DPC na hagóidí a chur ar aghaidh chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (**EDPB**) le cinneadh de bhun an phróisis um réiteach díospóide a bhforáiltear dó in Airteagal 65 den GDPR.

Ghlac an EDPB an cinneadh ceangailteach atá acu maidir le hábhar na n-agóidí an 28 Iúil 2022. Leis an gcinneadh sin, bhí ar an DPC gnéithe áirithe den chinneadh a leasú, maidir le toradh an tsáraithe ar Airteagal 6(1) den GDPR a chur san áireamh ar dtús, agus ar an dara dul síos athbhreithniú a dhéanamh ar na fíneálacha riaracháin atá molta ar bhonn roinnt tosca atá i gcinneadh an EDPB, lena n-áirítear an ceanglas atá ar an DPC fíneáil riaracháin

Cinneadh a bhfuil cumhachtaí ceartaitheacha ag baint leis déanta faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018

bhreise a ghearradh maidir le toradh an tsáraithe ar Airteagal 6(1) den GDPR a bhí bunaithe ag an EDPB.

Maidir leis an bpróiseáil atá leagtha amach thuas, le cinneadh an DPC, ar glacadh leis an 2 Meán Fómhair 2022, taifeadtar torthaí an tsáraithe ar Airteagal 6(1), 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 24, 25(1), 25(2) agus 35(1) den GDPR.

Na Cumhachtaí Ceartaitheacha a Cuireadh i bhFeidhm:

Le cinneadh an DPC, gearradh fineálacha riaracháin ar fiú €405 milliún iad ar Meta Platforms Ireland Limited. Chomh maith leis na fineálacha riaracháin sin, ghearr an DPC iomardú agus ordú lena n-iarrtar ar Meta Platforms Ireland Limited an phróiseáil a chur ar bhonn comhlíonta trí réimse gníomhartha feabhais ar leith a ghlacadh.